Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Aibreán 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0169(COD)**

**15301/2/19**
**REV 2 ADD 1**

**ENV 1046**
**SAN 528**
**CONSOM 341**
**AGRI 631**
**CODEC 1803**
**PARLNAT 70**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce<br>– An ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 7 Aibreán 2020 |

## I. RÉAMHRÁ

Ar an 28 Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún togra reachtach le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce, an Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce mar a thugtar air (9498/18 + ADD 1 go ADD 6).

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh i ndáil leis an togra ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2019 (6427/19).

Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 26 Meitheamh 2019, chomhaontaigh an Chomhairle cur chuige ginearálta maidir leis an togra ón gCoimisiún (10278/19), rud a thugann sainordú don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa.

Tionóladh trí cinn de chruinnithe tríthaobhacha, ar an 10 Deireadh Fómhair, an 12 Samhain agus an 2 Nollaig 2019. I gcomhthreo leis na cruinnithe tríthaobhacha sin, tionóladh roinnt cruinnithe trípháirteacha teicniúla.

Ar an 18 Nollaig 2019, tar éis anailís a dhéanamh ar an téacs sin d'fhonn teacht ar chomhaontú, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhréiteach deiridh a d'eascair as na cruinnithe tríthaobhacha (14944/19 + COR1). Rinneadh athuimhriú ar fhorálacha an téacs fhormhuinithe agus dáileadh é an lá céanna mar IARSCRÍBHINN a ghabhann le 15254/19 + COR 1.

An 21 Eanáir 2020, d'fhormhuinigh Coiste ENVI Pharlaimint na hEorpa an téacs. Ina dhiaidh sin, ar an lá céanna, chuir Cathaoirleach Choiste ENVI litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar léirigh sé go raibh sé chun moladh do Choiste ENVI agus don Suí Iomlánach, go ndéanfaí an seasamh ón gComhairle a ghlacadh gan aon leasú, faoi réir a fhíoraithe ag na dlítheangeolaithe.

Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra an 12 Nollaig 2018[1]. Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim an 6 Nollaig 2018[2].

## II. CUSPÓIR

Is é cuspóir an Rialacháin seo a ráthú go mbeidh an t-uisce athshlánaithe sábháilte don uisciú talmhaíochta, rud a fhágfaidh go n-áiritheofar ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe, go gcuirfear an geilleagar ciorclach chun cinn, go dtacófar leis an oiriúint don athrú aeráide, agus go gcabhrófar aghaidh a thabhairt ar ghanntanas uisce agus ar an mbrú a bhíonn ar acmhainní uisce mar thoradh air sin, ar bhealach comhordaithe ar fud an Aontais, rud a chuirfidh freisin le feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

**Barúlacha ginearálta**

D'fhonn teacht ar chomhaontú i ndáil leis an Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce, rinne ionadaithe ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa caibidlíocht neamhfhoirmiúil sna cruinnithe tríthaobhacha chun a seasaimh a chóineasú. Léirítear go hiomlán i dtéacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an Rialachán, an comhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir, arna héascú ag an gCoimisiún Eorpach.

1 IO C 110, 22.3.2019, lch. 94
2 IO C 86, 7.3.2019, lch. 353

Tá cuspóirí comhchoiteanna ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa i ndáil leis an Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce. I bhfianaise an mhéid sin, tháinig an Chomhairle agus an Pharlaimint ar chomhaontú ag an gcruinniú tríthaobhach deiridh maidir le téacs an Rialacháin lena dtugtar cothromaíocht idir na seasaimh éagsúla atá acu. Ar thaobh amháin, d'fhonn ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint, theastaigh ón gComhairle soiléireacht a áirithiú maidir le raon feidhme an Rialacháin agus saoirse leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit sin a chleachtann athúsáid uisce le haghaidh uisciú talmhaíochta, chomh maith leo siúd nach gcleachtann. Ar an taobh eile, theastaigh ón bParlaimint feabhas a chur ar chomhchuibhiú na rialacha maidir le hathúsáid uisce san Aontas, lena n-áirítear trí íoscheanglais maidir le cáilíocht uisce agus faireachán uisce a leagan síos.

**Na príomh-shaincheisteanna**

Is ionann an comhaontú ar thángthas air an 2 Nollaig 2019 agus cóineasú ar sheasamh na Comhairle agus ar sheasamh na Parlaiminte maidir le roinnt saincheisteanna lárnacha.

<u>Raon feidhme</u>

Comhaontaíonn an Chomhairle agus an Pharlaimint nach mbaineann na híoscheanglais maidir le cáilíocht agus faireachán uisce a leagtar amach sa Rialachán ach le húsáid fuíolluisce uirbigh chóireáilte le haghaidh uisciú talmhaíochta. Mar sin féin, agus aitheantas á thabhairt acu don acmhainneacht mhór a bhaineann le hathúsáid uisce athshlánaithe chun críocha seachas uisciú talmhaíochta, foráiltear in Iarscríbhinn I den Rialachán, gan dochar do dhlí ábhartha an Aontais i réimsí an chomhshaoil agus na sláinte, go bhféadfaidh na Ballstáit uisce athshlánaithe a úsáid chun críocha tionsclaíocha agus chun críocha a bhaineann le taitneamhacht agus leis an gcomhshaol.

Ina theannta sin, áirítear i seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh in Airteagal 2(2) clásal lánroghnach lena gceadaítear do Bhallstáit cinneadh a dhéanamh nach iomchuí athúsáid uisce le haghaidh uisciú talmhaíochta i gceann amháin nó níos mó dá gceantair abhantracha nó i gcodanna díobh. Cuireann sé sin ar chumas na mBallstát sin nach gcleachtann athúsáid uisce ualach riaracháin neamhriachtanach a sheachaint, amhail costais a bhaineann le bonneagar riaracháin a chur ar bun do cheadú.

Ag an am céanna, leagtar síos leis an gclásal lánroghnach na rialacha mionsonraithe d'fhonn a áirithiú go dtugann na Ballstáit údar cuí lena gcinntí, go ndéanann siad athbhreithniú orthu de réir mar is gá, gach 6 bliana ar a laghad, agus go gcuireann siad faoi bhráid an Choimisiúin iad. Thairis sin, le hAirteagal 10(3) cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit a gcinntí a chur ar fáil don phobal ar líne nó trí mhodhanna eile. Mínítear tuilleadh in aithris (7) gurb é is cuspóir don Rialachán glacadh athúsáid uisce le haghaidh uisciú talmhaíochta a éascú nuair is iomchuí agus costéifeachtach. Cuirtear in iúl san aithris freisin gur cheart don Rialachán a bheith solúbtha go leor chun a áirithiú nach mbeidh ar na Ballstáit, nach gcleachtann athúsáid uisce le haghaidh uisciú talmhaíochta, a rialacha a chur i bhfeidhm go dtí go dtosóidh siad ar athúsáid uisce a chleachtadh ag céim níos déanaí.

Ina theannta sin, aithníonn an Chomhairle agus an Pharlaimint an tábhacht a bhaineann le nuálaíocht a chumasú in athúsáid uisce, agus saobhadh iomaíochta a sheachaint ag an am céanna. Ar na cúiseanna sin, foráiltear leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh in Airteagal 2(3) gur féidir le taighde agus le treoirthionscadail maolú ó chur i bhfeidhm an Rialacháin, faoi choinníollacha áirithe.

Ar deireadh, cuirtear in iúl in Airteagal 2(4) go bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce gan dochar don chreat reachtach maidir le sláinteachas bia mar a leagtar síos i Rialachán 852/2004 é.

Ag an am céanna, cuirtear san áireamh le hAirteagal 2, an cur chuige bacainní iolracha trína shonrú nach gcuireann an Rialachán maidir le hathúsáid uisce cosc ar oibreoirí gnólachtaí bia an cháilíocht uisce is gá chun cloí le Rialachán 852/2004 a bhaint amach trí roinnt roghanna cóireála uisce a úsáid, ag céim eile ina dhiaidh sin, astu féin nó i gcomhar le roghanna eile neamhchóireála, ná ní chuirtear cosc ar oibreoirí foinsí malartacha uisce a úsáid le haghaidh uisciú talmhaíochta. I bhfianaise an mhéid sin, tá sé le tabhairt faoi deara go bhforálann Airteagal 5(4)(c) go gcaithfidh an Plean Bainistithe Riosca um Athúsáid Uisce go háirithe bacainní breise sa chóras athúsáide uisce a shainaithint, agus aon cheanglais bhreise tar éis an phointe chomhlíonta a leagan amach, ceanglais a mbeadh gá leo chun sábháilteacht an chórais athúsáide uisce a áirithiú, lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le dáileadh, stóráil agus úsáid, i gcás inarb ábhartha, agus go sainaithneofar na páirtithe atá freagrach as na ceanglais sin a chomhlíonadh. Déantar tagairt do bhacainní i bpointe 1, de roinn 2 in Iarscríbhinn I freisin.

Ar deireadh, níor cuireadh san áireamh sa téacs comhréitigh an leasú a mhol an Pharlaimint chun dliteanas a thabhairt isteach d'oibreoir na saoráide athshlánaithe i gcás neamhchomhlíonta toisc gur measadh é a bheith lasmuigh den raon feidhme. Thairis sin, go praiticiúil, bheadh sé an-deacair a chruthú gurbh é an t-uisce athshlánaithe ba chúis le héilliú na hithreach nó na mbarr.

<u>Na híoscheanglais le haghaidh cáilíocht uisce agus faireacháin</u>

Tá sé d'aidhm ag an Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus an comhshaol a chosaint trí íoscheanglais a shocrú do cháilíocht an uisce athshlánaithe agus trí fhaireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh, chomh maith le comhchuibhiú a dhéanamh ar phríomheilimintí an bhainistithe riosca.

Leagtar síos na híoscheanglais sin in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II faoi seach den Rialachán. Is i ngeall ar an obair chríochnúil a dhéanann saineolaithe, lena n-áirítear saineolaithe ón Airmheán Comhpháirteach Taighde (ACT), na hiarscríbhinní seo. Ós rud é nach mór forlámhas a bheith ag an obair theicniúil ar bhreithnithe polaitiúla, d'aontaigh an Chomhairle agus an Pharlaimint sna cruinnithe tríthaobhacha gan ach beagán athruithe a dhéanamh ar na hiarscríbhinní sin, ar athruithe iad a dhearbhaigh ACT ina dhiaidh sin. Thairis sin, ar mhaithe le soiléireacht, cuireadh fonóta le Tábla 1 in Iarscríbhinn I ina léitear: "Má thagann an cineál céanna bairr uiscithe faoi chatagóirí iolracha de Thábla 1, beidh feidhm ag ceanglais na catagóire is déine". Tháinig an Chomhairle agus an Pharlaimint ar chomhaontú freisin maidir le foráil i ndáil le faireachán ar bhailíochtú. Leagtar amach san fhoráil seo nach mór an faireachán ar bhailíochtú a dhéanamh i ngach cás ina ndéantar uasghrádú ar threalamh, agus nuair a thugtar trealamh nó próisis nua isteach. Thairis sin, níor cheart an faireachán ar bhailíochtú a dhéanamh ach amháin don aicme is déine de cháilíocht an uisce athshlánaithe.

Thairis sin, maidir leis an gcumhacht a thugtar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun príomhghnéithe an bhainistithe riosca a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch (an chéad fhomhír d'Airteagal 5(5)), chomh maith leis na gníomhartha tarmligthe lena bhforlíontar an Rialachán chun sonraíochtaí teicniúla an bhainistithe riosca a leagan síos (an dara fomhír d'Airteagal 5(5)), áiritheofar leis go bhfanfaidh an Rialachán cothrom le dáta. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 11(5) nach mór don Choimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit, treoirlínte a bhunú chun tacú le cur i bhfeidhm praiticiúil an Rialacháin. Ní mór don Choimisiún na treoirlínte seo a chur i bhfeidhm laistigh de dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin. Tá comhchuibhiú mar thoradh freisin ar Airteagal 6(5) lena bhforáiltear nach mór d'údaráis inniúla an dáta a bhfuiltear ag súil le cinneadh ar iarratas a chur in iúl don iarratasóir ar chead laistigh de 12 mhí. Ar deireadh, ar bhonn Airteagal 15, ní mór do na Ballstáit a bhíonn ag athúsáid uisce chun críocha talmhaíochta na rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar an Rialachán, agus na bearta uile is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Laistigh de 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin, agus faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Ní leagtar síos leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh na híoscheanglais do mhicreathruailleáin ná do mhicreaphlaistigh. Ach sonraítear i bpointe B(6)(e) d'Iarscríbhinn II, áfach, gur substaintí a bhfuil imní ag teacht chun cinn ina leith iad na micreathruailleáin agus na micreaphlaistigh sa mhéid a bhaineann le cáilíocht uisce agus gur gá aird ar leith a thabhairt orthu i measúnú riosca. Thairis sin, luaitear in Airteagal 12(2)(d) substaintí a bhfuil imní ag teacht chun cinn ina leith mar ghné nach mór don Choimisiún aird ar leith a thabhairt air sa mheastóireacht. I bhfianaise an mhéid sin, thug an Coimisiún le fios go raibh sé sásta ráiteas a dhéanamh, ós rud é gur saincheist ghinearálta iad na micreathruailleáin agus na micreaphlaistigh, nach bhfuil teoranta d'uisce athshlánaithe amháin, agus go leanfadh sé dá iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist thábhachtach seo.

An fhéidearthacht na difríochtaí idir córais athúsáide uisce san Aontas a chur san áireamh

I gcomhréir leis an gcur chuige oiriúnach don fheidhm, cuireann an comhréiteach a leagtar amach sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh solúbthacht ar fáil do na Ballstáit a chleachtann athúsáid uisce le haghaidh uisciú talmhaíochta maidir le heagrú a gcóras athúsáide uisce. Ag an am céanna, áirithítear leis an gcomhréiteach cosaint leordhóthanach shláinte an duine, shláinte ainmhithe agus an chomhshaoil. Le hAirteagal 5 (Bainistiú riosca) agus Airteagal 6 (Oibleagáidí maidir le cead uisce athshlánaithe), i gcomhar leis na sainmhínithe ar an údarás inniúil, ar an úsáideoir deiridh agus ar an bpáirtí freagrach in Airteagal 3, fágann siad solúbthacht ag na Ballstáit maidir le freagrachtaí na ngníomhaithe éagsúla sa chóras athúsáide uisce.

Ina theannta sin, d'fhonn an fhéidearthacht is gá a sholáthar chun dul in oiriúint do chúinsí áitiúla, sainmhínítear in Airteagal 3(11) an pointe comhlíonta mar an pointe ina seachadann oibreoir saoráide athshlánaithe an t-uisce athshlánaithe chuig an gcéad ghníomhaí eile sa slabhra, agus leagtar amach in Airteagal 6(3)(f) go bhféadfar an pointe beacht comhlíonta a chinneadh sa chead.

Ar deireadh, soláthraítear solúbthacht le hAirteagal 7(3) mar go sonraítear ann gurb é an t-údarás inniúil sa Bhallstát atá freagrach as a chinneadh go ndéanfar comhlíonadh athúsáide uisce a athbhunú i gcomhréir leis na nósanna imeachta a shainítear sa Phlean Bainistithe Riosca um Athúsáid Uisce.

Agus an tsolúbthacht a fhágann Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh faoi na Ballstáit agus faoi ghníomhaithe eile i réimse na hathúsáide uisce á cur san áireamh, leag na comhreachtóirí síos sa chruinniú tríthaobhach an dáta cur i bhfeidhm ag trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin (Airteagal 16).

Saincheisteanna tábhachtacha eile

Leagtar síos sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, roinnt saincheisteanna tábhachtacha eile ar tháinig ionadaithe na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa ar chomhaontú ina leith sna cruinnithe tríthaobhacha.

*Faisnéis agus trédhearcacht*

D'fhonn athúsáid uisce a chur chun cinn, ní mór do na Ballstáit ina n-úsáidtear uisce athshlánaithe le haghaidh uisciú talmhaíochta faisnéis ghinearálta agus feachtais múscailte feasachta a eagrú maidir le coigilt acmhainní uisce mar thoradh ar athúsáid uisce le haghaidh uisciú talmhaíochta. Chun ualach díréireach a sheachaint, foráiltear le hAirteagal 9 go bhféadfaidh na Ballstáit na feachtais sin a oiriúnú do scála a n-athúsáide uisce. Ina theannta sin, ar chúiseanna trédhearcachta, liostaítear in Airteagal 10 an fhaisnéis maidir le hathúsáid uisce nach mór do na Ballstáit ina n-úsáidtear uisce athshlánaithe a chur ar fáil don phobal ar líne nó ar bhealaí eile. Caithfidh an fhaisnéis sin a bheith leordhóthanach agus caithfear í a thabhairt cothrom le dáta gach dhá bhliain. Ar deireadh, foráiltear le hAirteagal 11 do chóras faisnéise a bhunú maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin.

*Rochtain ar cheartas*

Tagraítear sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh do rochtain ar cheartas in aithris nua (39) mar atá sa Treoir maidir le Plaistigh Aonúsáide. Is léiriú é seo ar an gcás gur páirtithe iad na Ballstáit go léir i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip um Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, ar a dtugtar Coinbhinsiún Aarhus de ghnáth. Ní gá oibleagáidí sonracha maidir le rochtain ar cheartas a leagan síos sa Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce ós rud é go bhfuil córais náisiúnta dea-fheidhmiúla i bhfeidhm ag Ballstáit uile an Aontais chun rochtain ar cheartas in ábhair chomhshaoil a áirithiú.

*Meastóireacht agus athbhreithniú*

Foráiltear le hAirteagal 12(1) nach mór don Choimisiún meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin laistigh de 8 mbliana tar éis dó teacht i bhfeidhm. Sonraítear san Airteagal seo na heilimintí nach mór an mheastóireacht seo a bhunú orthu. Mar chuid den mheastóireacht, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar indéantacht raon feidhme an Rialacháin a leathnú chuig uisce athshlánaithe le haghaidh úsáidí sonracha breise, lena n-áirítear athúsáid chun críocha tionsclaíocha. Ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar indéantacht cheanglais an Rialacháin a leathnú chun úsáid indíreach fuíolluisce cóireáilte a chumhdach.

## IV. CONCLÚID

Léirítear go hiomlán sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce an comhréiteach ar thángthas air i gcaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir ionadaithe ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa, arna héascú ag an gCoimisiún. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas:

- an Ráiteas seo ar Chúiseanna na Comhairle ar a Seasamh ar an gcéad léamh a fhormhuiniú, agus
- an Ráiteas seo ar Chúiseanna na Comhairle a chur chuig Parlaimint na hEorpa.

Tar éis do Pharlaimint na hEorpa a Seasamh ar an dara léamh a ghlacadh, lena bhformheasfar seasamh na Comhairle gan leasú, tiocfaidh an Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.